get real – scéalta físe ó cheithre hairde an domhain

Pacáiste de chuid togetherTV do scoláirí idir 11 agus 14 bliana d'aois

Maidir le *Get Real* togetherTV

Tionscnamh nua sna méain in oideachas forbartha is ea togetherTV a chuireann guthanna daoine atá ina gcónaí sa domhan i mbéal forbartha i láthair. An áisíneacht Christian Aid sa Ríocht Aontaithe a bhunaigh é i bpáirt leis an eagraíocht charthanach Éireannach Trócaire le maoiniú ó Chiste Oideachais Forbartha an Aontais Eorpaigh.

I ngach ceann de na físeáin, labhraíonn duine amháin amach go díreach faoin gcaoi a bhfuil sé/sí ag dul i ngleic leis an saol, agus cúrsaí in aimhréidh aige/aici go minic. Leis an scéalaíocht seo sa chéad phearsa a tharraingíonn ar thaithí chomónta an duine, bíonn léargas fírinneach le fáil ag an lucht féachana ar shaol daoine eile.

15 scéal físe de chuid togetherTV agus nótaí múinteora agus bileoga oibre scoláirí mar aon leo atá i bpacáiste oideachais Saoránachta Domhanda togetherTV.

Pléann gach scéal díobh le ceisteanna forbartha ar bhealach a théann i ngleic leo agus atá inrochtana, a chuireann ar chumas daoine óga tuiscint níos fearr a fháil ar an domhan a roinnimid ar fad lena chéile.

Tuilleadh eolais agus tuilleadh físeán ar fáil trí bhreathnú ar shuíomh gréasáin togetherTV: www.togethertv.org

Féadfaidh múinteoirí agus scoláirí an pacáiste oideachais seo a úsáid saor ó bhac. Ní mór cead a iarraidh ar togetherTV ar mhaithe le dáileadh níos leithne a dhéanamh nó leas tráchtála a ghnóthú.

Pléann an pacáiste seo le cúig thopaic atá ar churaclaim na n-ábhar seo a leanas:

Saoránacht
(Sasana)

Foghlaim don Saol agus don Obair: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda
(Tuaisceart na hÉireann)

Oideachas Sóisialta, Saoránach agus Polaitiúil (OSSP)
(Poblacht na hÉireann)

Oideachas don Saoránacht
(Alba)

Oideachas d'Fhorbairt Inmharthana agus Saoránacht Dhomhanda
(An Bhreatain Bheag)

togetherTV

christian aid

TRÓCAIRE

Réamhrá

Cabhraíonn pacáiste togetherTV *Get Real* le scoláirí cur lena gcuid eolais, scileanna, luachanna agus dearcadh atá ar na cáilíochtaí a bhaineann le saoránacht dhomhanda.

Cuidíonn na scéalta físe agus na gníomhaíochtaí sa phacáiste le scoláirí cur lena dtuiscint ar an gcaoi ina n-oibríonn an domhan – an eacnamaíocht agus an pholaitíocht, an saol sóisialta agus cultúrtha, tionchar na teicneolaíochta – agus na himpleachtaí a bhaineann leo seo don timpeallacht. Tugtar na scoláirí céim níos faide thar eolas agus tuiscint chun anailís a dhéanamh agus freagairt do chinntí arb iad is cúis, i gcásanna, le cúrsaí a bheith mar atá. Nuair a bheidh tuiscint acu ar na freagrachtaí a thiteann orthu féin agus ar dhaoine eile, molann an t-ábhar slite inar féidir le scoláirí a bheith páirteach i gcúrsaí a athrú ar mhaithe le domhan níos córa agus inmharthana a bhaint amach do chách.

Cur chuige comónta i leith gach topaic atá san ábhar scríofa sa phacáiste seo:

- scéim teagaisc le smaointe gníomhaíochta agus acmhainní le húsáid ag an múinteoir
- eolas bunúsach le húsáid ag an scoláire
- na scéalta aonair le húsáid ag an scoláire
- bileoga gníomhaíochta scoláire

Is féidir na haonaid a leanacht go neamhspleách mar aonaid iontu féin, nó in ord ar bith mar shraith.

Tá na gníomhaíochtaí foghlama scil-bhunaithe agus déanann siad cáilíochtaí saoránacht domhanda a chothú trí fhorbairt a dhéanamh ar:

- scileanna fiosraithe agus cumarsáide
- an cumas chun luachanna agus dearcadh luach-bhunaithe a aithint agus freagairt dóibh sin atá mar chuid den saol polaitíochta, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha
- scileanna rannpháirtíochta agus gníomhaíochta freagracha

Conas an t-ábhar seo a úsáid

Seo iad na haonaid atá sa phacáiste seo:

1. **I dtreo na síochána**
2. **HIV: ag maireachtáil dearfach**
3. **Aeráid ag athrú**
4. **Ceart linbh**
5. **Saol fir?**

Tá réamhscannán i ngach aonad agus trí scéal físe ag gabháil leis ar a bhfuil na t-ábhar teagaisc bunaithe.

Cuirtear gníomhaíochtaí ar fáil do gach aonad faoi na ceannteidil roinne seo a leanas:

- gníomhaíocht thosaigh (réamhghníomhaíocht)
- bunchoincheapa an topaic a aithint agus anailís a dhéanamh orthu
- tionchar an topaic ar dhaoine aonair, phobail agus náisiúin a aithint
- machnamh a dhéanamh ar dhearcadh agus ar ghníomhartha na scoláirí féin agus ar dhearcadh agus ar ghníomhartha daoine eile ar an topaic
- cinneadh ar fhreagrachtaí agus ar ghníomhartha na scoláirí féin ar an topaic

Moltar acmhainní eile chomh maith.

Trí cinn de ghníomhaíochtaí teagaisc atá i ngach roinn, seachas sa cheann tosaigh. Déan do rogha féin ó gach roinn le freastal ar do chás féin nó tóg ceann amháin de na bealaí molta tríd an aonad mar a léirítear.

- Mura bhfuil an t-am agat ach le haghaidh ceachta amháin, roghnaigh an ghníomhaíocht leis an siombal ①.
- Más ag gabháil de mhodúl trí seachtaine atá tú (bunaithe ar cheacht amháin 35-40 nóiméad sa tseachtain) roghnaigh na gníomhaíochtaí leis an siombal ③.
- Más ag gabháil de mhodúl sé seachtaine atá tú (bunaithe ar cheacht amháin 35-40 nóiméad sa tseachtain) roghnaigh na gníomhaíochtaí leis an siombal ⑥.

Molaimid, áit ar feidir é, go ndéanfaí an ghníomhaíocht ‘thosaigh’ ( ) a úsáid mar chéad ghníomhaíocht do gach topaic.

Innéacs

1. I dtreo na síochána

Scéimeanna teagaisc agus gníomhaíochtaí ..... lch 1.1
Bileog an scoláire 1a: Eolas bunúsach: Iosrael/Críocha Pailistíneacha faoi fhorghabháil ..... lch 1.3
Bileog an scoláire 1b: Eolas bunúsach: Angóla ..... lch 1.4
Bileog an scoláire 1c: Eolas bunúsach: Mósaimbíc ..... lch 1.5
Bileog an scoláire 2: Na scéalta ..... lch 1.6
Bileog an scoláire 3: Crann na Beatha ..... lch 1.7
Bileog an scoláire 4: Litir Robi ..... lch 1.8
Bileog an scoláire 5: Sleachta síochana ..... lch 1.9

2. HIV: ag maireachtáil dearfach

Scéimeanna teagaisc agus gníomhaíochtaí ..... lch 2.1
Bileoga an scoláire 1a agus b: Eolas bunúsach ..... lch 2.3
Bileog an scoláire 2: Na scéalta ..... lch 2.5
Bileog an scoláire 3: Cé mhéad dáiríre a thuigeann tú faoi HIV agus SEIF ..... lch 2.6
Bileog an scoláire 4: Insíonn Violeta níos mó eolais dúinn ..... lch 2.7
Bileog an scoláire 5: Leathadh HIV ..... lch 2.8

3. Aeráid ag athrú

Scéimeanna teagaisc agus gníomhaíochtaí ..... lch 3.1
Bileog an scoláire 1: Eolas bunúsach ..... lch 3.3
Bileog an scoláire 2: Na scéalta ..... lch 3.4
Bileog an scoláire 3: Globingo ..... lch 3.5
Bileog an scoláire 4: Maidir le hathrú aeráide ..... lch 3.6
Bileog an scoláire 5: Athrú aeráide a chruthú ..... lch 3.7
Bileog an scoláire 6: Athrú aeráide a throid ..... lch 3.8

4. Ceart linbh

Scéimeanna teagaisc agus gníomhaíochtaí ..... lch 4.1
Bileoga an scoláire 1a agus b: Eolas bunúsach ..... lch 4.3
Bileog an scoláire 2: Na scéalta ..... lch 4.5
Bileog an scoláire 3: Éilimh nó riachtanais ..... lch 4.6
Bileoga an scoláire 4a agus b: Maidir le saothar leanaí ..... lch 4.7
Bileog an scoláire 5: Domhan atá maith go leor dúinne ..... lch 4.9

5. Saol fir?

Scéimeanna teagaisc agus gníomhaíochtaí ..... lch 5.1
Bileog an scoláire 1: Eolas bunúsach ..... lch 5.3
Bileog an scoláire 2: Na scéalta ..... lch 5.4
Bileog an scoláire 3: Staid na mban sa domhan ..... lch 5.5
Bileog an scoláire 4: Cláir theilifíse ..... lch 5.6
Bileog an scoláire 5: Fanann sí sa bhaile ..... lch 5.7
Bileog an scoláire 5: Cuir do lá i gcomparáid ..... lch 5.8

Pléann na haonaid leis na gnéithe seo a leanas de na curaclaim shaoránachta do Shasana, Tuaisceart na hÉireann, Poblacht na hÉireann, d'Albain agus don Bhreatain Bheag,

Tá mórán topaicí le fáil chomh maith i réimsí ábhar eile

Sasana

Saoránacht

Áirítear an méid seo a leanas ar an eolas agus tuiscint is gá le bheith ina saoránaigh eolasacha:

f. obair ghrúpaí deonacha pobalbhunaithe áitiúla agus idirnáisiúnta
g. an tábhacht a bhaineann le coimhlint a réiteach go cóir
h. tábhacht na meán sa sochaí
i. an domhan mar phobal cruinne agus na himpleachtaí polaitíochta, eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta, agus ról an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

Scileanna fiosrúcháin agus cumarsáide

a. machnamh a dhéanamh ar cheisteanna reatha polaitíochta, spioradálta, morálta, sóisialta agus cultúrtha, fadhbanna agus imeachtaí trí eolas agus na foinsí a bhaineann leis a scagadh lena n-áirítear foinsí TFC-bhunaithe
b. tuairim phearsanta ar cheann ar bith de na ceisteanna, fadhbanna nó eachtraí sin a chosaint ó bhéal agus i scríbhinn
c. páirt a ghlacadh i gcomhrá grúpa agus tionscnaimh ranga agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí.

Scileanna rannpháirtíochta agus gnímh

a. an tsamhlaíocht a úsáid chun taithí daoine eile a mheas agus bheith in ann machnamh a dhéanamh ar, dearcaidh a mhíniú agus a chur in iúl nach leo féin iad
b. plé le gníomhaíochtaí scoilbhunaithe agus pobalbhunaithe, cinneadh a dhéanamh agus páirt a ghlacadh iontu go freagrach
c. machnamh a dhéanmah ar pháirt a ghlacadh in imeachtaí scoilbhunaithe agus pobalbhunaithe, agus tiomantas agus toil a léiriú le gníomhaíochtaí dá leithéid a mheas go criticiúil. Léiríonn siad freagracht phearsanta agus ghrúpa sa dearcadh a léiríonn siad ina leith féin agus i leith daoine eile.

Tuaisceart na hÉireann

Foghlaim don Saol agus don Obair: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

Príomhchoincheapa

- ilghnéitheacht agus iniatacht
- cearta daonna agus dualgas sóisialta
- comhionannas agus ceart sóisialta
- daonlathas agus páirtíocht ghníomhach.

Scileanna

- fiosrúchán
- taighde a dhéanamh agus an t-eolas a bhainistiú go héifeachtach
- cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach
- oibriú go héifeachtach mar bhaill foirne
- oibriú go neamhspleách
- cruthaitheacht a léiriú, cinnireacht, eagar agus coinneáil ar aghaidh le tascanna a chur i gcrích agus smaointe nua dá gcuid féin a fhorbairt.

Poblacht na hÉireann

Oideachas Sóisialta, Saoránach agus Polaitiúil (OSSP)

Príomhchoincheapa

- dlí
- dínit
- daonlathas
- maoirseacht
- forbairt
- idirspleáchas
- cearta agus dualgais.

Eolas

- saoránacht
- cearta daonna, saoirse agus dualgais
- páirtíocht
- forbairt inmharthana
- córas daonlathach
- domhandú
- ceisteanna comhaimseartha/cúrsaí reatha.

Scileanna

- aithint agus feasacht
- anailís agus meastóireacht
- cumarsáid
- gníomh, go háirithe le torthaí taithí a chur i bhfeidhm, anailís, machnamh agus cumarsáid ar bhealach praiticiúil le cás nó le ceist roghnaithe. Scileanna sóisialta nó polaitíochta a leiriú – eagrúchán, nósanna imeachta, cinntí a dhéanamh, vótail agus araile atá riachtanach sa chomhthéacs seo.

Dearcadh agus luachanna

- tiomantas do shaoránacht ghníomhach
- tuiscint do chearta daonna
- tuiscint don timpeallacht
- meas ar dhínit daonna
- tuiscint don leas coiteann
- bheith oscailte chun coimhlint a réiteach gan foréigean
- sásta gníomhú go freagrach
- foighne a léiriú
- misneach chun dearcadh pearsanta a chosaint
- bheith sásta do thuairimí pearsanta agus dearcadh a athrú i bhfianaise chomhrá agus na fianaise
- meas ar réim an dlí
- tiomantas chun cur i gcoinne claontachta, éagothroime, agus éagóir sóisialta.

Alba

Oideachas don tSaoránacht

Féachann an creat tras-churaclaim le cuidiú le daoine óga cumas smaointeoireachta a fhorbairt agus páirt a ghlacadh go freagrach sa saol polaitíochta, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha, agus leas a bhaint as:

a. naisc idir an t-eolas agus na scileanna a bhaineann le réimsí éagsúla staidéir
b. an méid a fhoghlaimíonn siad ar láthaireacha foirmiúla agus a dtaithí ar an saol i gcoitinne
c. ag gníomhú go háitiúil agus ag smaoineamh ar bhonn domhanda.

Eolas agus tuiscint

Áirítear iad seo a leanas ar thorthaí na foghlama:

- ceisteanna reatha áitiúla agus domhanda, agus aird a thabhairt ar an bhfianaise atá ar fáil, agus ar raon smaointe agus tátal ar a dtábhacht
- na cearta agus na dualgais ata mar bhonn le sochaithe daonlathacha agus eile
- deiseanna do dhaoine aonair agus do ghrúpaí deonacha lámh a bheith acu in athruithe sóisialta agus timpeallachta, agus na luachanna atá mar bhonn leis na hathruithe sin
- éilimh agus riachtanais ábhartha agus spioradálta, agus na himpleachtaí a bhíonn acu seo do cheisteanna ar nós inmharthanacht na timpeallachta agus don cheart sóisialta
- mar a oibríonn an eacnamaíocht, lena n-áirítear meicníochtaí a chruthaíonn agus a chaitheann maoin
- cúiseanna coimhlinte agus féidearthachtaí atá ann lena leigheas, á chur san áiream gur den sochaí an chonspóid agus go mbaineann dea-thorthaí leis ar uairibh
- na bacanna sa bhealach ar dheis iomlán chun saoránacht a chleachtadh ag éirí as tosca socheacnamaíochta, claontacht agus leatrom
- próisis chun cinntí a dhéanamh sa sochaí agus roil na meán craolta agus na margaíochta sna próisis seo
- idirspleáchas domhanda agus torthaí ar shochaithe daonna.

Eiseamláirí ar scileanna agus ar inniúlachtaí

- obair a dhéanamh go neamhspleách, agus i gcomhpháirt le daoine eile
- teacht ar eolas agus ar smaointe trí úsaid TFC mar is cuí agus an méid sin a láimhseáil, a úsáid agus a chur in iúl
- smaointe agus gníomhartha daoine eile a cheistiú agus freagairt go dearfach dóibh i ndíospóireachtaí agus/nó i scríbhinn
- cur le comhráite agus díospóireacht ar bhealach misniúil, agus meas a léiriú san am céanna ar thuairimí daoine eile
- cinntí a dhéanamh bunaithe ar eolas i dtaca le ceisteanna polaitíochta, pobail agus timpeallachta
- coinneáil ar aghaidh mar is cuí, nó cabhrú le daoine eile tuiscint a fháil agus meas a léiriú
- plé a dhéanamh, comhghéilleadh, nó cabhrú le daoine eile difríochtaí a thuiscint agus meas a léiriú ina leith, nuair a bhriseann coimhlint amach, an difríocht a aithint idir comhaontú agus comhlíonadh.

Eiseamláirí ar luachanna agus meoin

- tuairimí faoi cheisteanna polaitíochta, eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta a fhorbairt a bheidh eolasbhunaithe agus réasúnta
- tuairimí eile nach leo féin iad a chur in iúl, a mhíniú agus a mheas go criticiúil
- freagracht a léiriú i leith leas a gcuid pobal
- meas agus tuiscint a léiriú ar ilghnéitheacht cultúrtha agus pobail agus meas ar dhaoine a léiriú
- tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-imríonn eiticí agus luachanna tionchar ar chinntí agus ar ghníomhartha daoine
- tuiscint a fháil ar cheart sóisialta agus meas a léiriú air, á aithint san am céanna gur ábhar achrainn ann féin a bhfuil i gceist le ceart sóisialta
- dúshlán a thabhairt ar dhearcadh agus ar ghníomhartha atá naimhdeach do leas daoine aonair agus do leas pobal.

Eiseamláirí ar chruthaitheacht agus fiontar

- ceisteanna agus fadhbanna dá gcuid féin a aithint agus a chumadh agus freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a mholadh
- freagairt le samhlaíocht do chruachásanna agus dúshlain shóisialta, mhórálta agus pholaitíochta
- eolas agus scileanna a fuarthas i gcomhthéacs amháin a chur in oiriúint do chomhthéacsanna eile ar mhaithe le deis a thapú, fadhb nó ceist a réiteach
- machnamh a dhéanamh ar shlite eile le rudaí a dhéanamh de rogha ar chleachtais reatha
- dul i ngleic le hathruithe. déileáil le contúirt agus éiginnteacht ar bhealach fiontrach
- teacht ar thuiscint ar a gcuid cumas cruthaíoch féin agus iad sin a iniúchadh agus conas an leas is fearr a bhaint astu.

An Bhreatain Bheag

Oideachas d'Fhorbairt Inmharthana agus Saoránacht Dhomhanda

Baineann an cur chuige seo le curaclam iomlán agus le bainistiú na scoile agus baineann sé le:

- na naisc idir an sochaí, an eacnamaíocht agus an timpeallacht, agus idir ár saolta féin agus saolta daoine eile ar fud an domhain
- riachtanais agus cearta na nglún san am i láthair agus san am atá le teacht
- an gaol idir cumhacht, acmhainní agus cearta daonna
- na himpleachtaí áitiúila agus domhanda a bhaineann leis an uile ní dá ndéanaimid agus mar ar féidir le daoine aonair agus le heagraíochtaí gníomhú mar fhreagra ar cheisteanna áitiúla agus domhanda.

Príomhchoincheapa

- idirspleáchas
- saoránacht agus maoirseacht
- athruithe inmharthana
- cáilíocht na beatha
- ilghnéitheacht
- riachtanais agus cearta
- éiginnteacht agus réamhchúraimí
- luachanna agus dearcadh
- réiteach coimhlinte.

Scileanna

- machnamh criticiúil
- cumas chun argóna go héifeachtach
- cumas chun dúshlán a thabhairt don éagóir agus d'éagothromaíochtaí
- meas ar dhaoine agus ar nithe
- comhoibriú agus aighneas
- réiteach.

Luachanna agus dearcadh

- tuiscint ar íomhá agus ar fhéinmheas
- comhthuiscint
- tiomantas don cheart sóisialta agus do chothroime
- luach a chur ar agus meas a léiriú ar ilghnéitheacht
- tuiscint don timpeallacht agus tiomantas d'fhorbairt inmharthana
- creidiúint gur féidir le daoine an beart a dhéanamh.